Statkraft

Feirm Ghaoithe Ghort Luachra

Leabhrán an Tionscadail

Q2 2024

Fheirm Ghaoithe Ghort Luachra

Statkraft

Réamhrá

Ag Statkraft, creidimid gur féidir linn domhan níos fearr, níos glaine agus níos inbhuanaithe a chruthú agus má oibrimid le chéile, creidimid gur féidir linn na hiarmhairtí is measa a bhaineann leis an athrú aeráide a sheachaint. Mar an táirgeoir fuinnimh in-athnuaite is mó san Eoraip, táimid ag giniúint fuinneamh glan le breis agus céad bliain anuas agus táimid chun tosaigh maidir le todhchaí saor ó charbón a bhaint amach.

Bunaíodh craobh de Statkraft in Éirinn in 2018 agus tá níos mó ná 130 duine fostaithe ann idir oifigí i gCorcaigh agus i dTulach Mhór. Táimid tiomanta do sholáthar fuinnimh in-athnuaite ar phraghas réasúnta do mhuintir na hÉireann agus oibreoimid le pobail chun an dóigh a bhféadfadh na tionscadail sin dul chun tairbhe dóibh ina gceantair áitiúla a phlé.

Tá an-tionchar ag tuiscint ar an gceantar áitiúil, ar a mhuintir, a thimpeallacht, a thraidisiúin agus a stair ar an dóigh a dtugaimid aghaidh ar fhorbairt tionscadal fuinnimh in-athnuaite. Déanfaidh ár bhfoireann Idirchaidrimh Pobail dhíograiseach a seacht ndícheall bualadh leis an oiread ball den phobal agus is féidir sna seachtainí atá le teacht. Más mian leat dul i dteagmháil linn chun cuairt a eagrú, ná bíodh aon leisce ort úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála ar chúl an leabhráin seo chun é sin a dhéanamh.

Gá leis an tionscadal seo

Tugann tionscadail ar nós Fheirm Ghaoithe Ghort Luachra deis do phobail úsáid a bhaint as a n-acmhainní nádúrtha agus réitigh fuinnimh ghlain inacmhainne a chur ar fáil a laghaíonn astaíochtaí carbóin agus ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise costasacha.

Ní hamháin go laghdaíonn foinsí fuinnimh in-athnuaithe ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte truaillithe; cinntíonn siad freisin go mbeidh seasmhacht ann maidir le soláthar cé is moite de thubaistí a bhaineann leis an aeráid. Deimhnítear gurbh é 2023 an bhliain is teo dár taifeadadh riamh le déanaí i dtuairisc NA. Chuaigh tonnta teasa, tuilte agus triomach i bhfeidhm ar na milliúin duine ar fud an domhain.*

Chomh maith leis sin, tá Éire ag streachailt leis na spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach. Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, leag an Rialtas síos sprioc go mbeidh toilleadh gaoithe 9GW ar talamh suiteáilte faoi 2030. Faoi láthair, tá an toilleadh suiteáilte in Éirinn níos lú ná 50% den sprioc sin.

*Tuarascáil ar Staid na hAeráide Domhanda 2023, Eagraíocht Meitéareolaíochta Domhanda https: //wmo.int/publication-series/state-of-global-climate-2023

Dul chun cinn an tionscadail seo le himeacht ama

Tá Statkraft ag obair le comhpháirithe chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chur ar fáil ar fud na hÉireann le blianta anuas. B'fhéidir go raibh tú i dteagmháil leis an bhforbróir roimhe sin den tionscadal Fheirm Ghaoithe Ghort Luachra le blianta beaga anuas. Bhí sé ag obair chun an tionscadal seo a ullmhú don chóras pleanála. Rinne sé measúnuithe éagsúla agus d'eagraigh sé imeachtaí comhairliúcháin don phobal chun a chinntiú go raibh an ceantar áitiúil oiriúnach do thionscadal mar seo.

Déanfaidh Statkraft maoirseacht ar na céimeanna deiridh de na hiarratais phleanála agus má éiríonn leis, ar ghnéithe oibríochta agus bainistíochta an tionscadail seo fosta. Ag Statkraft, tá an saineolas agus na hacmhainní againn atá ag teastáil chun tionscadail ar nós Fheirm Ghaoithe Ghort Luachra a thabhairt chun críche agus chun a chinntiú go mbainfidh an pobal áitiúil leas as go ceann na mblianta.

Leanfaidh Statkraft ar aghaidh chun a chinntiú nach gcaillfear eolas nó faisnéis áitiúil a bailíodh sa phobal le blianta beaga anuas.

Is é an moladh atá ann go bhforbrófar feirm ghaoithe 8 dtuirbín i gCnoic na Seithe, Iarthar Chorcaí. Nuair a bhí an moladh á mheá acu ar dtús, dhréachtaigh dearthóirí creatlach tionscadail a d'uasmhéadódh cé chomh héifeachtach is atá fuinneamh gaoithe an láithreáin. Cinneadh gur rud tábhachtach é oiriúnacht áitiúil agus dá bharr sin, cuireadh barr feabhais ar an dearadh seo. Rinneadh mionathruithe ar an tionscadal agus ar phróiseas toilithe an tionscadail dá bharr sin. Mar sin, cuirfear dhá iarratas pleanála isteach anois.

- Laghdaíodh an t-aschur iomlán go 48MW agus dá bhrí sin, cuirfear bealach seachadta na feirme gaoithe agus an turbín gaoithe faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí mar iarratas amháin ag deireadh R2 2024;
- Cuirfear an nascadh leis an eangach agus an bhfostáisiún isteach faoi R3 2024 chuig an mBord Pleanála mar cáilíonn sé mar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS).

Príomhathruithe eile atá san áireamh:

- **Bealach Eangaí:** Tá dhá bhealach eangaí faoi mheasúnú faoi láthair agus cuireadh iad os comhair Chomhairle Contae Chorcaí agus an Bhoird Pleanála araon. Aithneofar an bealach eangaí roghnaithe ón measúnú seo agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála é.
- **Fostáisiún:** Athlonnaíodh an fostáisiún agus an cumasc tógála sealadach (faoi 50 méadar) chun an tionchar ar an timpeallacht a laghdú.
- **Crann Meitéareolaíochta:** Baineadh an crann meitéareolaíochta sealadach den láithreán in R4 2023.

Sracfhéachaint ar an tionscadal

- **Tionscadal 8 dtuirbhín**
- **Airde tuirbín 175m**
- **Fad ón tuirbín is cóngaraí - níos mó ná 700m**
- **Gintear os cionn 48MW d'fhuinneamh in-athnuaite d'eangach leictreachais na hÉireann**
- **Beartas um chaochaíl scáileanna nialasach**
- **Cáblaí faoi thalamh a cheanglaíonn an tionscadal molta ón bhfostáisiún ar an láthair go fostáisiún lasmuigh den láthair, atá ceangailte leis an Eangach Náisiúnta**
- **Beidh tuairim is €3.5 milliún sa Chiste Sochair Pobail thar thréimhse 15 bliana, ag brath ar an dearadh deiridh**
- **Feabhsuithe fóillíochta, pobail agus bithéagsúlachta a bhaineann leis an bhforbairt**
- **Tabharfar níos mó ná €15.4 milliún trí íocaíochtaí ráta in aghaidh na bliana do Chomhairle Contae Chorcaí thar shaolré an tionscadail**
- **I measc na n-oibreacha a bhaineann leis sin tá riain rochtana, boinn tuirbíní agus limistéir cruastadanna, oibreacha draenála, compún láithreáin sealadach, seirbhísí greillechóras, fosáisiún, cáblaí leictreachais agus cumarsáide faoi thalamh idir tuirbíní agus cábla faoi thalamh a cheanglaíonn an tionscadal molta le fostáisiún áitiúil**


Fheirm Ghaoithe Ghort Luachra
Site Entrance
L8776
R585
N
Tuirbíní féideartha
Tithe
1km Maolán
1.6km Maolán
Comhdhúil tógála
Fostáisiún
T1
T2
T3
T4
T5
T6
T7
T8
CULLENAGH
DOONEENS (ED BEALANAGEARY)
DERRYRIORDANE NORTH
DERRYRIORDANE SOUTH
CORNERY
GARRYANTORNORA
TOOREENALOUR
MONEYLEA
SHEHY MORE
CLOGHBOOLA
INCHIROE
COOLMOUNTAIN
TOOREEN
GORTLOUGHRA
SHEHY BEG
COOMCLOGH
SHANACRANE WEST
SHANACRANE EAST
MONEYREAGUE
BALLYNAMOUGH
COUSANE
GLANYCARNEY
DERRAGH
KEENRATH
0 0.25 0.5 1 1.5 2 Kilometers
© OpenStreetMap (and) contributors, CC-BY-SA

■ Tuiscint ar an gceantair áitiúil

Tá mórtas ceantair agus aitheantas áitiúil ag larthar Chorcaí. Tá baint mhór aige leis an dúlra, ceardaíocht agus ceol freisin. Tá a lán seandálaíochta agus oidhreachta ag baint le Cnoic na Seithe, rud a léiríonn go mbíodh cónaí ar mhuintir na háite sna sléibhte seo fadó. B'áit iomlánaíoch spiordálta é dóibh agus ní bhíodh siad i dtuilleamaí aon duine.

Tá sé ar intinn againn na gnéithe cultúrtha sin a chosaint, tacú leo agus iad a neartú le linn shaolré an tionscadail. Beidh seandálaí áitiúil ar an láthair le linn an tréimhse tógála chun a chinntiú go gcosnófar an tseandálaíocht agus oidhreacht áitiúil sin. Chomh maith leis sin, tá sé ar intinn againn conair sheandálaíochta a fhorbairt ag baint úsáid as Seanbhóthar an Ime reatha atá in aice leis an láithreán, má tá na páirtithe leasmhara áitiúla ar aon intinn linn, chun an oidhreacht luachmhar a chur chun cinn.

Táimid dáiríre faoinár dtiomantais do stair, oidhreacht agus gnáthóga nádúrtha na gceantar ina bhfuilimid ag obair, agus ba mhór againn aon mholtaí atá agat maidir leis an togra seo.

Is minic a bhíonn larthar Chorcaí ar thús cadhnaíochtaí i ngluaiseachtaí inbhuanaitheachta in Éirinn, cuir i gcás, gluaiseacht na gairneoireachta orgánaí; is rud nádúrtha é go nginfí fuinneamh glan agus in-athnuaite chun cumhacht a sholáthar do na gnólachtaí áitiúla sa phobal seo a bhíonn ag pleanáil chun cinn

■ Ciste Sochair Pobail

Is bealach iontach é Ciste Socair Pobail (CSP), atá á chur ar fáil trí Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite faoi stiúir an Rialtais, chun tacú le tionscanaimh inbhuanaithe áitiúla a dhéanfaidh leas don phobal ar fad. I ngach pobal, bíonn saineolas ag muintir na háite ar a gceantar féin agus aithníonn siad buntáistí, míbhuntáistí, riachtanais agus spriocanna an cheantair féin. Tá na cistí curtha in oiriúint do thionscanaimh áitiúla a thagann le Spriocannna NA um Fhorbairt Inbhuanaithe. Cinntíonn sé seo go mbeidh saol sláintiúil ionchuimsitheach ó thaobh na timpeallachta de roimh ár bpobail amach anseo. Má tá ceist ar bith agat maidir leis an CSP, déan teagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal, le do thoil. Tá sonraí teagmhála an duine seo le fáil ar chúl an leabhráin seo

Féach ar *Leabhrán Phrionsabail Dea-Chleachtais um Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite um Chiste Socair Pobail* le haghaidh tuilleadh eolais faoi riarachán an CSP.

Meastar go dtiocfadh le Feirm Ghaoithe Ghort Luachra maoiniú thart ar €237,000 in aghaidh na bliana ar feadh 15 bliana nó breis agus €3.5 milliún thar thréimse 15 bliana a thabhairt isteach sa cheantar. Tá roinnt samplaí thíos de mholtaí ó cheantair eile inar oibríomar agus seans go dtabharfaidh siad léiriú maith duit i dtaca leis an méid is féidir a bhaint amach agus a chur chun cinn ar bhonn áitiúil.

- Scéimeanna Sochair Dhírigh, ar nós íocaíochtaí luachanna garchóngais
- Scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh do theaghlaigh
- Maoiniú le haghaidh áiseanna agus conairí eachaíochta
- Maoiniú le haghaidh tionscnaimh oidhreachta áitiúla
- Tacacíocht do scéimeanna oideachais áitiúla
- Tionscnaimh bhithéagsúlachta
- Féilte agus imeachtaí áitiúla

Má théann an tionscadal seo ar aghaidh, rachaimid i gcomhairle le grúpaí inbhuanaitheachta agus grúpaí pobail sa cheantar chun a chinntiú go mbainfear úsáid as an CSP

■ Inbhuanaitheacht an tionscadail

Is é ár n-aidhm todhchaí inbhuanaithe a chruthú do chách. Ag an am céanna, caithfimid a chinntiú go bhforbraímid ár dtionscadail i bpobail áitiúla ar bhealach inbhuanaithe agus freagrach - agus táimid treoraithe ag Spriocanna NA um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGanna). Ag Statkraft, cuimsítear in inbhuanaitheacht an tionscadail:

- An slabhra soláthair a bhainistiú: Clúdaítear leis sin sláinte agus sábháilteacht, comhshaol agus aeráid, cearta an duine, cearta oibrithe agus eitic ghnó
- Bainistíocht páirtithe leasmhara
- Plean Bainistíochta Bithéagsúlachta a chuirtear ar fáil mar chuid den aighneacht pleanála. Beidh an bhithéagsúlacht ina cuid dhilís den tionscadal agus tá sé ar intinn againn a hacmhainneacht don cheantar a uasmhéadú. I measc na mbeart atá inár bplean bainistíochta tá móinéir bláthanna fiáine, boscaí éan, plandú crann dúchasach, óstáin d'fheithidí agus scuabanna eascanna sna tionscadail is déanaí.

Má tá moladh ar bith agat maidir le tionscanaimh bhithéagsúlachta agus/nó bearta feabhsaithe gnáthóige a d'fhéadfadh Statkraft a chur i bhfeidhm taobh leis an tionscadal, déan teagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal le do thoil



■ Na chéad chéimeanna eile

Beidh ár bhfoireann rannpháirtíochta pobail ag obair sa cheantar chun a chinntiú go mbeidh eolas ar fáil agus go mbeidh deis agat gnéithe éagsúla an togra seo a phlé. Chomh maith leis sin, beidh an fhoireann sa phobal cúpla seachtain sula gcuirfear an tionscadal isteach le haghaidh pleanála chun eolas a scaipeadh faoin tionscadal.

Má chuirtear an tionscadal seo chun críche, táimid ag tnúth le plé a dhéanamh ar bhuntáistí timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta breise a sholáthar don phobal.

■ Ár ndualgais agus ár bhfreagrachtaí

Le linn comhairliúcháin, nílimid ag lorg tacaíochta don togra. An cuspóir atá againn ná eolas a chur ar fáil chun cabhrú leat teacht ar thuairim, bunaithe ar eolas cruinn, ar cad atá i gceist leis an togra seo. De réir mar a fhorbrófar an próiseas seo, leanfaimid ag obair leat chun a chinntiú go gcuirfidh an fheirm ghaoithe seo gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ar fáil agus go mbeidh tairbhe ann dóibh siúd sa cheantar áitiúil freisin.

Le tuilleamh eolais a fháil, tabhair cuairt ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas

www.windenergyireland.com Fuinneamh Gaoithe na hÉireann (WEI)	**www.epa.ie** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
www.seai.ie Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	**www.gsi.ie** Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
www.un.org/climatechange Suíomh Gréasáin na Náisiún Aonaithe ar an Athrú Aeráide	**www.npws.ie** An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
www.climatecouncil.ie Comhairle Chomhairleach na hÉireann um Athrú Aeráide	**www.corkcoco.ie** Comhairle Contae Chorcaí
www.localenterprise.ie/green Oifig Fiontair Áitiúil	

Labhair lenár nOifigeach Idirchaidrimh don Phobal

Is í Eva Hill an tOifigeach Idirchaidrimh don Phobal don tionscadal seo. Tugann foireann thiomanta tacaíocht di, foireann a bhfuil taithí na mblianta acu ar fhuinneamh gaoithe agus ar fhorbairt pobail. Tá an fhoireann ar fáil chun eolas a roinnt faoin togra seo nó faoi na ceisteanna móra a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide. Mholfaimis dóibh siúd a bhfuil suim acu sa togra seo nó i bhforbairt timpeallachta, cultúir nó fóillíochta i gcoitinne teagmháil a dhéanamh linn ag baint úsáid as na sonraí teagmhála thíos.

Suíomh Gréasáin Tiomnaithe

Tá suíomh gréasáin ar leith ann don tionscadal (**www.gortloughrawindfarm.ie**) agus is anseo a phostálfar an t-eolas is déanaí maidir leis an tionscadal. Is feidir leat d'aiseolas maidir leis an tionscadal a roinnt ar an suíomh gréasáin freisin.

Má tá ceist ar bith eile agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal ag baint úsáid as na sonraí teagmhála atá thíos.

Polasaí Príobháideachais

Anseo ag Statkraft, táimid an-dáiríre faoi do phríobháideachas agus caithimid go measúil le do chuid eolais. Bailítear sonraí comhairliúcháin agus baile laistigh den staidéar chun córais um bainstiú sábháilteacht timpeallachta a éascú agus measúnú agus forbairt oiriúnach a chinntiú. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann Statkraft sonraí pearsanta féach ar ár bpolasaí príobháideachais ginearálta ag **https://www.statkraft.ie/privacy-statement/** - nó is féidir leat ceisteanna sonracha ar bith a chur chuig **privacy@statkraft.com**

Déan Teagmháil Linn

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Eva Hill

R-phost: enquiries@gortloughrawindfarm.ie
Teil: 021 203 2058
www.gortloughrawindfarm.ie

Statkraft